Ar thóir na síochána

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaoine a tháinig go hÉirinn ar thóir na síochána. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí cur síos ar an ngrianghraf thíos. Bainigí úsáid as na focail seo chun cabhrú libh:

teifeach/teifigh, an Taoiseach, lucht iarrtha tearmainn, díbirt/ordú díbeartha

Ceist 2 Déan iarracht Gaeilge a chur ar na focail thíos.

1. *among* _____
2. *ship container* _____
3. *ferry/car ferry* _____
4. *Kurds* _____
5. *Iraq* _____
6. *hidden* _____
7. *haulage lorry* _____
8. *noise* _____
9. *fleeing* _____
10. *from persecution* _____
11. *seeking asylum* _____

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail thuas inti.

Ceist 3

A. Féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht gach a raibh inti a insint don duine in aice leat. Éist leis an duine sin ansin nuair a dhéanfaidh seisean/sise cur síos duitse.

B. Scríobhaigí achoimre ghearr ar an mír anois.

Ceist 4 '…*Contae Loch Garman*...' agus *'…Port Láirge…'*

1. Cé as tú féin ó dhúchas?
2. Scríobh síos an cúige arb as duit agus na contaetha ar fad atá sa chúige sin.
3. Cad iad na leaganacha eile atá ar eolas agat chun 'cé as duit' a rá?

Ceist 5 '…cúigear…'

a. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?

b. Scríobh amach na foirmeacha cearta chun daoine a chomhaireamh ó 1-10.

duine amháin
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

c. Cuirtear na hainmfhocail a leanann na focail faoi **b** thuas sa tuiseal ginideach iolra de ghnáth. Séimhítear na consain a leanann ***beirt*** ach amháin na ainmfhocail dar tús **d**, **s**, agus **t**.

Cuir na focail thíos tar éis na bhfocal faoi **b** thuas.

deirfiúr / mac / údar / ceoltóir

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén fáth a raibh na daoine a luadh sa mhír ag teitheadh ón Iaráic?
2. Cén fáth ar mhaith leis an gcuid is mó d'iarrthóirí tearmainn dul go dtí an Ríocht Aontaithe nó go dtí an Ghearmáin?
3. Maítear go gcothaíonn an iomarca teifeach i dtír fadhbanna sóisialta sa tír sin. Cad iad na fadhbanna a bheadh i gceist, más fíor, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. *among*	i measc
2. *ship container*	coimeádán loinge
3. *ferry/car ferry*	bád farantóireachta
4. *Kurds*	Coirdínigh
5. *Iraq*	An Iaráic
6. *hidden*	i bhfolach
7. *haulage lorry*	leoraí tarlaithe
8. *noise*	gleo
9. *fleeing*	ag teitheadh
10. *from persecution*	ó ghéarleanúint
11. *seeking asylum*	ag lorg tearmainn

Ceist 3
A. Iarr ar gach beirt achoimre a dhéanamh ar an mír os ard dá chéile.
B. Abair leo ansin an achoimre a scríobh amach.

Ceist 4

Cúige Chonnacht	Cúige Mumhan
1. Contae na Gaillimhe 2. Contae Liatroma 3. Contae Mhaigh Eo 4. Contae Ros Comáin 5. Contae Shligigh	6. Contae Chiarraí 7. Contae an Chláir 8. Contae Chorcaí 9. Contae Luimnigh 10. Contae Phort Láirge 11. Contae Thiobraid Árann
Cúige Laighean	**Cúige Uladh**
12. Contae Bhaile Átha Cliath 13. Contae Cheatharlach 14. Contae Chill Chainnigh 15. Contae Chill Dara 16. Contae Chill Mhantáin 17. Contae na hIarmhí 18. Contae Laoise 19. Contae Loch Garman 20. Contae an Longfoirt 21. Contae Lú 22. Contae na Mí 23. Contae Uíbh Fhailí	24. Contae Aontroma 25. Contae Ard Mhacha 26. Contae an Chabháin 27. Contae Dhoire 28. Contae an Dúin 29. Contae Dhún na nGall 30. Contae Fhear Manach 31. Contae Mhuineacháin 32. Contae Thír Eoghain

- Cé as duit?
- Cad as duit?
- Cárb as duit?
- Cárb as tú?
- Cé as thú?

Ceist 5

a. Na huimhreacha pearsanta.

b.
duine amháin
beirt
triúr
ceathrar
cúigear
seisear
seachtar
ochtar
naonúr
deichniúr

c.

deirfiúr amháin beirt deirfiúracha triúr deirfiúracha ceathrar deirfiúracha cúigear deirfiúracha seisear deirfiúracha seachtar deirfiúracha ochtar deirfiúracha naonúr deirfiúracha deichniúr deirfiúracha	mac amháin beirt mhac triúr mac ceathrar mac cúigear mac seisear mac seachtar mac ochtar mac naonúr mac deichniúr mac
údar amháin beirt údar triúr údar ceathrar údar cúigear údar seisear údar seachtar údar ochtar údar naonúr údar deichniúr údar	ceoltóir amháin beirt cheoltóirí triúr ceoltóirí ceathrar ceoltóirí cúigear ceoltóirí seisear ceoltóirí seachtar ceoltóirí ochtar ceoltóirí naonúr ceoltóirí deichniúr ceoltóirí

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad fáilte chuig Nuacht TG4. Bhí cailín beag, trí bliana d'aois, i measc cúigear ar thángthas[1] orthu i gcoimeádán loinge, i gContae Loch Garman, arú aréir. Is ar bhád farantóireachta le *Irish Ferries* a tháinig go Ros Láir ón bhFrainc a bhí an coimeádán. Tuigtear gur Coirdínigh iad a tháinig anall as an Iaráic.

Irene Ní Nualláin
Ar bhád farantóireachta le *Irish Ferries* a tháinig go Ros Láir tráthnóna Dé Domhnaigh a bhí an coimeádán docht ina raibh an cúigear i bhfolach. Is ó Cherbourg na Fraince a tháinig an bád. Ní fios an ndeachaigh an cúigear sa choimeádán in Cherbourg nó an ndeachaigh siad i bhfolach ann in áit éigint[2] eile roimhe sin. Nuair a bhí an coimeádán ar leoraí tarlaithe ar an mbealach go Ros Mhic Thriúin, chuala an tiománaí gleo agus chuir sé glaoch ar na Gardaí. I Ros Mhic Thriúin, tháinig na Gardaí ar thriúr fear agus bean sna fichidí, agus ar chailín beag trí bliana sa gcoimeádán[3]. Is as an Iaráic an cúigear agus creidtear gur Coirdínigh iad. Dúradar leis na Gardaí go raibh siad ag teitheadh ó ghéarleanúint agus go mbeidís ag lorg tearmainn anseo. Tugadh chuig Ospidéal Ginearálta Loch Garman iad ach tuigtear go bhfuil an tsláinte go maith acu. Tugadh go Port Láirge ansin iad chun iarratas a dhéanamh ar thearmann, iarratas atá á phróiseáil faoi láthair.

Irene Ní Nuallain, Nuacht TG4.

[1] *a dtángthas orthu* a dúradh
[2] *éigin* an leagan caighdeánach
[3] *Córas Chonnacht*